2022.M105T

2022L568G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

Dé Máirt 28 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

350 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo. Freagair **gach** roinn.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 20 ceist | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair **dhá** cheist | 100 marc |

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.


**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **deich gcinn** de na míreanna seo thíos, **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**(a)** Déan cur síos ar shampla a**mháin** den bhealach a dtéann aicme shóisialta i gcion ar dheiseanna saoil duine.

**(b)** An bhfuil sé tábhachtach vótáil i dtoghchán? Tabhair fáth le do fhreagra.




https://knowyourmeme.com/photos/1429309-2018-united-states-midterm-elections

Tá ☐ Níl ☐

**(c)** Mínigh an ról atá ag Uachtarán na hÉireann.


**(d)** Déan staidéar ar an gcairt thíos agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**Cruinniú mullaigh faoin aeráid agus faoin dúlra:**
**Tuairimí daoine óga maidir le hathrú aeráide**

**Survey Monkey®**

**Q.6 An mbíonn imní ort faoin athrú aeráide?**

Freagraíodh: 1,353 Níor freagraíodh: 10




| ROGHANNA FREAGARTHA | FREAGRAÍ | |
|---|---|---|
| Bíonn | 77.24% | 1,045 |
| Ní bhíonn | 22.76% | 308 |
| IOMLÁN | | 1,353 |

https://www.climateandnaturesummit.com/

**(i)** Déan trácht ar thoradh na ceiste a cuireadh sa phobalbhreith seo.

**(ii)** Ardán suirbhé gréasánbhunaithe is ea Survey Monkey. Tabhair fáth **amháin** ar úsáideadh an mhodheolaíocht sin don suirbhé seo, dar leat.

**(iii)** An bhfuil tairbhe le baint as pobalbhreitheanna? Tabhair fáth le do fhreagra.

Tá ☐ Níl ☐

**(e)** Ainmnigh **cúig** cinn de naoi bhforas an chomhionannais in Éirinn.

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| 5 |

**(f)** Mínigh go hachomair an tuiscint atá agat ar fhorbairt inbhuanaithe.



www.forbes.com/sites/deloitte/2019/10/15/protecting-our-future-moving-from-talk-to-action-on-the-sustainable-development-goals/?sh=4b36d9a66736

**(g)** An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh comhairle mac léinn ag scoil? Mínigh do fhreagra.

Tá ☐ Níl ☐

**(h)** Conas a théann easpa dídine i gcion ar shlí dhiúltach ar chuid de chearta daoine óga faoi mar atá siad leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)?

**(i)** An bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) tábhachtach? Tabhair fáth le do fhreagra.

| Tá ☐ Níl ☐ |
|---|
| |
| |
| |

**(j)** Mínigh go hachomair cur chuige na n-ábaltachtaí ag Martha Nussbaum.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(k)** An bhfuil sé tábhachtach go dtiocfadh an domhan le chéile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide? Tabhair fáth le do fhreagra.

| Tá ☐ Níl ☐ |
|---|
| |
| |
| |

https://ukcop26.org/

**(l)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi obair T.D. (Teachta Dála).

| An chéad phíosa: |
|---|
| |
| An dara píosa: |
| |

**(m)** Déan cur síos achomair ar chúis **amháin** atá le tearcfhorbairt.

**(n)** Déan cur síos ar straitéis **amháin** a d'úsáid duine **amháin** de na daoine thíos **nó** duine **amháin** a roghnaíonn tú féin a raibh tionchar dearfach aige/aici ar a s(h)ochaí.



Nelson Mandela




Mahatma Gandhi

Ainm an duine:

Straitéis:

www.dkfindout.com/uk/history/nelson-mandela-and-apartheid www.kissclipart.com/mahatma-gandhi-indian-independence-movement-my-lif-v5fanu/download-clipart.html

**(o)** Agus úsáid á baint agat as an íomhá thíos, cén chonclúid a d'fhéadfá a bhaint as maidir le neamhionannas sa domhan sa lá atá inniu ann?




https://unstats.un.org/sdgs/report/2021/The-Sustainable-Development-Goals-Report-2021.pdf

**(p)** Mínigh a bhfuil i gceist le 'claontacht' sna meáin.




https://baylorlariat.com/2016/10/25/the-danger-of-biased-media/

**(q)** Déan cur síos ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh níos mó éifeachta le rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis chinnteoireachta.

**(r)** I bhfianaise na staitisticí thíos, an réiteach iad cuótaí inscne chun ionadaíocht na mban i saol an ghnó a mhéadú? Tabhair fáth le do fhreagra.




www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/gbb/genderbalanceinbusinesssurvey2021/infographic/

Is ea ☐ Ní hea ☐


**(s)** An féidir cearta daonna uilíocha a bheith ann agus éagsúlacht chultúrtha sa domhan? Tabhair fáth le do fhreagra.

| Is féidir ☐ Ní féidir ☐ |
| --- |
| |
| |
| |

**(t)** Déan cur síos ar **dhá** bhealach a mbaineann Éire leas as bheith ina ball den Aontas Eorpach.

| An chéad bhealach: |
| --- |
| |
| An dara bealach: |
| |

**Doiciméad A:** Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn (MRCI) Torthaí an tSuirbhé *'Cuir fút anseo, Bí ag obair anseo, Bí sa bhaile anseo'*.




www.mrci.ie/app/uploads/2020/10/Info-Both-Pages_high-res-1.png - Curtha in oiriúint

**Doiciméad B:** Alt nuachtáin: ***Faitíos ar dhaoine gan cháipéisí in Éirinn nach mbeidh siad san áireamh sa scéim a bheidh á cur i bhfeidhm go luath chun imircigh a thabhairt chun rialtachta in Éirinn,*** Cormac Fitzgerald, *The Journal*, Meán Fómhair 2021 (Curtha in oiriúint).

Ag tús na bliana in 2021, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, scéim speisialta d'imircigh atá gan cáipéisí inimirce. Nuair a bheadh sí ceadaithe ag an gComh-Aireacht, thabharfadh an scéim seo cead dóibh a bheith ag obair go dleathach sa tír agus sholáthródh sí bealach dóibh chun saoránacht Éireannach a bhaint amach. Chuir na mílte daoine in Éirinn atá gan cáipéisí inimirce, fáilte roimh an bhfógra. Ach ní raibh an nuacht go maith do Liz, agus do mhórán eile.

Ba as an mBotsuáin a tháinig **Liz** go hÉirinn den chéad uair mar mhac léinn in 2011. Thosaigh sí céim sa ghnó i gcoláiste príobháideach i mBaile Átha Cliath, agus bhí sí ag obair go páirtaimseartha chun í féin a chothú. Chríochnaigh sí a céim agus ceadaíodh víosa chéimí ar feadh bliana di. Ní raibh Liz ábalta obair a fháil ina réimse féin, ach lean sí uirthi ag obair ag cur cúram laethúil ar fáil do sheanbhean.

Déanann sí cur síos ar an gcaoi a bhfuil an saol ag imirceach atá gan cháipéisí: "Bíonn eagla orm i gcónaí. Ní féidir liom gearán a dhéanamh ag an obair nuair nach mbím sásta mar go gceapaim go bhféadfaidís mo chomhad a tharraingt amach agus ansin go mbeadh cosc orm a bheith ag obair," ar sise. "Níl aon tsaoirse ghluaiseachta agam. Ní féidir liom an tír a fhágáil chun freastal ar ócáidí teaghlaigh amhail sochraidí agus bainiseacha. Bhásaigh mo mháthair díreach ag an am céanna a ndeachaigh mo stádas dlíthiúil in éag agus níor fhéad mé dul chuig an tsochraid mar nach mbeadh cead agam teacht ar ais chuig an tír."

Faoin scéim nua, níl cead ach ag daoine nach raibh stádas dlíthiúil acu **ar feadh ceithre bliana ar a laghad** – **nó trí bliana má tá páistí acu anseo** – iarratas a dhéanamh. Chiallódh sé sin <u>nach</u> bhféadfadh Liz iarratas a dhéanamh – cé go bhfuil sí ag maireachtáil agus ag obair anseo le deich mbliana ach nach bhfuil sí gan cháipéisí ach ar feadh dhá bhliain díobh sin.

### Imircigh in Éirinn atá gan cháipéisí

Tá mórán cúiseanna éagsúla ann a dtagann duine chun bheith gan cháipéisí in Éirinn. Tagann roinnt acu ar víosa thurasóireachta agus fanann siad thar am chun dul ag obair. Tagann tuilleadh acu mar mhic léinn ar cheadanna oibre sealadacha agus fanann siad sa tír nuair a théann a gcead in éag. Is íospartaigh gháinneála cuid eile acu. Deir urlabhraí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt nach bhfuil aon sonraí oifigiúla ann maidir le líon na ndaoine sa stát atá gan cháipéisí "mar gur nós le daoine den sórt sin gan aird oifigiúil a tharraingt orthu féin". Measann Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn (MRCI) go bhfuil idir 15,000 agus 20,000 acu ann.

**Irene Jagoba:** Is feachtasóir í ar son *Ceartais dóibh siúd atá gan Cháipéisí*. Is as na Filipínigh ó dhúchas di, agus tháinig sí go hÉirinn den chéad uair in 2008 ar víosa thurasóireachta. Bhí beirt mhac óg aici ag an am, agus d'fhág sí a tír dhúchais mar nach raibh sí ábalta obair a fháil chun iad a chothú. Thosaigh sí ag obair mar fheighlí leanaí in Éirinn, agus níor fhill sí ar na Filipínigh le breis agus trí bliana déag.

Ní hionann agus Liz, beidh Irene ábalta cur isteach ar an scéim. "Cuireann an scéim athrú ar mo shaolsa. Ciallaíonn sé go bhféadfainn mo pháistí a fheiceáil, ansin teacht ar ais go hÉirinn, a bheith ag obair agus gnáthshaol a bheith agam gan eagla ná srianta," ar sise. "D'fhéadfainn leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngeilleagar, leis an tsochaí agus leis an bpobal; d'fhéadfainn a bheith fostaithe agus ag íoc cánach. "

"Tá an faitíos roimh an ndíbirt ann i gcónaí," ar sise. Sin é an dúshlán laethúil i saol an [duine] gan cháipéisí. Cuireann Irene síos ar shaol ina seachnaíonn sí dul chuig an dochtúir nuair atá sí tinn.

**Foinse:** https://www.thejournal.ie/undocumented-in-ireland-campaign-5557263-Sep2021/curtha in oiriúint

**Ceist 2** **(50 marc)**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cén céatadán de na himircigh atá gan cháipéisí agus atá ina gcónaí in Éirinn ar feadh breis agus cúig bliana?

**(b)** De réir Dhoiciméad A, cad iad an **dá** earnáil a n-oibríonn an céatadán (%) is mó de na himircigh atá gan cháipéisí iontu?

**(c)** De réir Dhoiciméad B, cén fáth an dea-scéala an scéim seo do roinnt daoine ach nach dea-scéala í do dhaoine eile?

**(d)** De réir Dhoiciméad B, ainmnigh **trí** bhealach inar féidir le daoine teacht chun bheith gan cáipéisí in Éirinn.

**(e)** Agus an t-eolas sa dá dhoiciméad á úsáid agat, cén chonclúid a bhainfeá amach faoi choinníollacha oibre na n-imirceach atá gan cháipéisí in Éirinn?

**Ceist 3** **(50 marc)**

**(a)** Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.

**(b)** Déan cur síos ar láidreacht **amháin** a bhaineann le suirbhéanna mar mhodh taighde.

**(c)** Déan cur síos ar theorainn **amháin** le suirbhéanna mar mhodh taighde.

**(d)** An bhfuil Doiciméad B iontaofa mar fhoinse sonraí? Mínigh do fhreagra.

Tá ☐ Níl ☐

**(e)** Roghnaigh píosa tábhachtach **amháin** sonraí as Doiciméad A agus déan cur síos ar an mbealach a nascann sé leis an eolas a chuirtear i láthair i nDoiciméad B.

**Ceist 4** **(50 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d’fhéadfá a dhéanamh, bunaithe ar imeacht a eagrú chun cur le tuiscint daoine ar chruachás na n-imirceach gan cháipéisí in Éirinn.

**(b)** Déan trácht ar na hearnálacha ina n-oibríonn an céatadán is mó de na himircigh atá gan cháipéisí.

**(c)** Cén fáth a bhfuil sé de nós ag daoine gan cháipéisí ‘gan aird oifigiúil a tharraingt orthu féin’?

**(d)** An dtugann an fhianaise sa dá dhoiciméad maidir le cás na ndaoine atá gan cháipéisí le tuiscint gur ceist í seo a bhaineann le cearta daonna? Tabhair fáth le do fhreagra.

## Roinn C — Aistí Dioscúrsacha — 100 marc

Freagair **dhá** cheann ar bith de na ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Freagair sna spásanna atá curtha ar fáil.

**Ceist 5** **50 marc**

**Pléigh na contúirtí a bhaineann le mífhaisnéis/bréagnuacht ar líne agus cad is féidir a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin i sochaí dhaonlathach.**


Is féidir leat an ghrafaic eolais agus na ceannteidil thíos a úsáid chun tacú le do fhreagra. Is féidir leat tagairt a dhéanamh freisin do smaointeoir tábhachtach ábhartha a ndearna tú staidéar air nó uirthi.




www.gering.org/departments-services/library/how-spot-fake-news

**Ceist 6** **50 marc**

**Pléigh an ról atá ag daoine óga maidir leis an athrú aeráide a throid.**




https://ecounesco.ie

Is féidir leat úsáid a bhaint as na ceisteanna seo a leanas as suirbhé ar líne a chuir ECO-UNESCO i gcomhar le SpunOut.ie mar chuid de 'Dhúshlán Cheartas Aeráide na nÓg', chun tacú le do fhreagra.

- Cad a spreagann daoine óga chun gníomhú ar son na haeráide?
- Cad iad na gníomhartha atá á ndéanamh ag daoine óga?
- Cad iad na constaicí atá roimh dhaoine óga agus iad ag gníomhú ar son na haeráide ?
- Cad iad na réitigh a theastaíonn chun daoine óga a chumasú?

**Ceist 7** **50 marc**

**Agus úsáid á baint agat as an ngrafaic eolais thíos pléigh ceisteanna neamh-chomhionannais sa domhan sa lá atá inniu ann agus mol nithe is féidir a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin.**

Is féidir leat freisin tagairt a dhéanamh do smaointeoir tábhachtach a ndearna tú staidéar air nó uirthi.



https://spark.adobe.com/page/XBcrhKn6snyky/

**Ceist 8** **50 marc**

**Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le rialtas daonlathach?**

Féadfaidh tú na focail seo a leanas a úsáid i d'aiste:


- Toghcháin/vótáil
- Ionadaithe/ionadaíocht
- Cumhacht
- Tromlach/mionlach
- Dlíthe/cinnteoireacht
- Reifreann
- Páirtithe polaitiúla
- Cearta Daonna/saoirsí sibhialta
- Hobbes agus Locke
- Comhrialtas.



https://pixabay.com/illustrations/weigh-up-plus-minus-libra-2856321/

**Ceist 9** **50 marc**

**Cad a insíonn na sonraí thíos ó Chumann Naomh Uinseann de Pól dúinn faoin gconradh sóisialta in Éirinn?**





**Aighneacht réamh-Bhuiséid 2022 chuig Rialtas na hÉireann**

**Ceist 10** **50 marc**

Sonraítear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine 'Go dtagann gach duine ar an saol saor agus comhionann maidir le dínit agus cearta'.

**Pléigh ceist an chiníochais i sochaí an lae inniu.**

Féadfaidh tú an ghrafaic eolais thíos a úsáid chun tacú le do fhreagra.




***www.inar.ie - Curtha in oiriúint***

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é á úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

| **Freagra** |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 28 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00